# AIRGEAD A BHAILIÚ: NA PRÍOMHPHOINTÍ Ó NA SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN

Sa doiciméad seo cuirtear le chéile na príomh-mholtaí maidir le hairgead a bhailiú, ar príomh-mholtaí iad a roinneadh le linn sheimineáir ghréasáin Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Cuirtear na moltaí le chéile de réir topaice, ar moltaí iad a d'eascair as an dá sheimineár gréasáin seo a leanas:

- Seimineár gréasáin "Conas cistí a thiomsú", 2018
- Seimineár gréasáin "Conas dul i mbun feachtasaíochta agus airgead a thiomsú le haghaidh tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh", 2019

**Na pointí is tábhachtaí**

1. Ba cheart d'eagraithe dul i dteagmháil le comhpháirtithe féideartha (tríd an líonra atá acu, páirtithe leasmhara, an rannóg "Nasc" ar Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh) chun foinsí maoiniúcháin forleathana a chinntiú.
2. Is iad seo a leanas na bealaí féideartha atá ann le hairgead a bhailiú: sluamhaoiniú, maoiniú idir piaraí, marsantú, foinsí breise a chur ar bun (e.g. cóisir).
3. Is féidir le himeachtaí poiblí agus daoine atá i mbéal an phobail cuidiú leat suim a mhúscailt san fheachtas agus aird a tharraingt air chun go mbeidh feidhm níos fearr ag tabhartais.

**Pointí ábhartha eile**

*Airgead a shábháil*

- Déanfaidh an Coimisiún Eorpach téacs agus iarscríbhinní tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh a aistriú chun go mbeidh eagraithe in ann airgead a shábháil ar chostais aistriúcháin.
- Moltar dul i mbun oibre le hoibrithe deonacha.
- Is féidir le heagraithe leas a bhaint as an tseirbhís "Faigh Comhairle" ó Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh chun comhairle saor in aisce a fháil i dtaca le ceisteanna dlíthiúla, feachtasaíocht a dhéanamh agus airgead a bhailiú.
- Go ginearálta, is maith an rud é comhpháirtithe comhghuaillíochta a bheith agat a chuideoidh leat an feachtas a chur chun feidhme, rud a laghdaíonn an costas ar eagraithe. D'fhéadfadh deacrachtaí teacht aníos maidir le cabhair saor in aisce i ngeall nach mbíonn sé chomh hiontaofa céanna. Dá bhrí sin, is sábháilte airgead a chaitheamh ar chúramaí sonracha. D'fhéadfadh comhpháirtithe comhghuaillíochta a bheith an-luachmhar chun na críche sin.

*Straitéisí maoiniúcháin*

- Tá maoiniú láidir ag teastáil ó gach feachtas chun go mbeidh rath air.
- Moltar cistí a bhailiú go lárnach agus ansin iad a dháileadh ar bhaill an líonra.
- Tá tábhacht ar leith ag baint le haistriúcháin ar dhoiciméid eolais chun maoiniú áitiúil a chinntiú.

- Tá cúrsaí ama ríthábhachtach! Ba cheart d'eagraithe a bheith i bhfad chun tosaigh lena bpleananna chun airgead a bhailiú.
- Tá gá le cistí breise ar fhaitíos go dtagann fadhbanna agus dúshláin nach rabhthas ag súil leo chun cinn.
- Is maith an rud é idirdhealú a dhéanamh idir tabhartais mhóra agus tabhartais bheaga. Tabhartais a thagann isteach roimh ré, d'fhéadfaidís cuidiú go mór leis an bhfeachtas. Bí réalaíoch agus ná téigh i mbun feachtasaíochta go dtí bhfuil airgead agat.
- Tá sluamhaoiniú fíor-riachtanach chun airgead a bhailiú. Ba cheart d'eagraithe bealaí nua-aimseartha a úsáid chun airgead a bhailiú agus eolas a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a gcuidíonn tabhartais bheaga leis an bhfeachtas freisin. Tá sé ríthábhachtach a chur ina luí ar dhaoine go ndéanann tabhartais difear díreach (e.g. trí sprioc éigeantach a leagadh síos) chun a chinntiú go dtugann daoine airgead.
- Is uirlis mhaith é tabhartais a mheaitseáil chun daoine a spreagadh.